SUBSTAINTÍ NÓ TÁIRGÍ IS CÚIS LE hAILLÉIRGÍ NÓ LE hÉADULAINGTÍ

1. Gránaigh a bhfuil glútan iontu, eadhon: cruithneacht, seagal, eorna, coirce, speilt, camut nó a dtréithchineálacha hibridithe, agus táirgí a rinneadh astu, seachas an méid seo a leanas:

   (a) síoróipí glúcóis chruithneacht-bhunaithe, lena n-áirítear deaslós (1);
   (b) maltódeisliní chruithneacht-bhunaithe (1);
   (c) síoróipí glúcóis eorna-bhunaithe;
   (d) gránaigh a úsáidtear chun driogáití alcólacha a dhéanamh lena n-áirítear alcól eitile de bhunús talmhaíochta;
2. Crústaigh agus táirgí a rinneadh astu;
3. Uibheacha agus táirgí a rinneadh astu;
4. Éisc agus táirgí a rinneadh astu, seachas an méid seo a leanas:

   (a) geilitín éisc a úsáidtear mar iompróir d’ullmhóidí vitimíneacha nó d’ullmhóidí caraitéanóideacha;
   (b) geilitín éisc nó iascghlae, a úsáidtear mar oibreán mínitheach i mbeoir agus i bhfíon;
5. Piseanna talún agus táirgí a rinneadh astu;
6. Pónairí soighe agus táirgí a rinneadh astu, seachas an méid seo a leanas:

   (a) ola agus saill soighe atá scagtha go hiomlán (1);
   (b) tócaifearóil mheasctha nádúrtha (E306), tócaifearól D-alfa nádúrtha, aicéatáit tócaifearóil D-alfa nádúrtha, sucanáit tócaifearóil D-alfa nádúrtha a fhaightear ó phónairí soighe;
   (c) fíteastaróil atá díorthaithe ó olaí glasraí agus eistir fíteastaróil a fhaightear ó phónairí soighe;
   (d) eistear stanóil planda a tháirgtear ó staróil ola glasraí ó phónairí soighe;
7. Bainne agus táirgí a rinneadh as (lena n-áirítear lachtós), seachas an méid seo a leanas:

   (a) meadhg a úsáidtear chun driogáití alcólacha a dhéanamh, lena n-áirítear alcól eitile de bhunús talmhaíochta;
   (b) lactiteal;
8. Cnónna, eadhon: almóinní (Amygdalus communis L.), cnónna coill (Corylus avellana), gallchnónna (Juglans regia), cnónna caisiú (Anacardium occidentale), cnónna peagáin (Carya illinoinensis (Wangenh.) K. Koch), cnónna Brasaíleacha (Bertholletia excelsa), cnónna pistéise (Pistacia vera), cnónna macadaíme nó cnónna Thír na Banríona (Macadamia ternifolia), agus táirgí a rinneadh astu, ach amháin cnónna a úsáidtear chun driogáití alcólacha a dhéanamh, lena n-áirítear alcól eitile de bhunús talmhaíochta;
9. Soilire agus táirgí a rinneadh as;
10. Mustard agus táirgí a rinneadh as;
11. Síolta seasamain agus táirgí a rinneadh astu;
12. Dé-ocsaíd sulfair agus suilfítí ag tiúchain de bhreis agus 10 mg/kg nó 10 mg/lítear maidir leis an méid iomlán SO2, ar dé-ocsáid sulfair agus suilfítí iad atá le ríomh i dtaca le táirgí mar a chuirtear ar fáil lena dtomhailt iad nó mar tháirgí a athrinneadh i gcomhréir le treoracha na monaróirí;
13. Lúipín agus táirgí a rinneadh as;
14. Moilisc agus táirgí a rinneadh astu.

---

(1) Agus na táirgí a rinneadh astu, sa mhéid nach dóigh don phróiseas faoina ndeachaigh siad méadú a dhéanamh ar an leibhéal ailléirgeachta, mar atá measúnaithe ag an Údarás atá freagrach as an táirge ábhartha as ar tháinig siad, dá bharr.